Aoibhneas an Ghrá Don Domhan Uile

Iomann Oifigiúil do Chruinniú Domhanda na dTeaghach 2018

Cumtha ag Ephrem Feeley

ÉIRE
CRUINNIÚ DOMHANDA na dTEAGHLACH
21-26 LÚNASA 2018

TÚS
Cuireann an grá suas le gach ní
Aoibhinn leis an mhaith, ní thagann deire leis.

VÉARSA 1
Tá an grá foidhneach is tá sé lách.
Níl an grá doichealllach, níl sé mí mhúinte.
Níl an grá uaibhreach, nó maíteach, nó éadmhar,
ach ceiliúrann an grá an fhírinne.

CURFÁ
Lúcháir an ghrá, lúcháir do theaghlach Dé,
Lúcháir an ghrá a sháraíonn am is spás.
Is scáth de ghrá an Athar ár ngrá dá chéile.
Lúcháir an ghrá: lúchair don domhan uile.

VÉARSA 2
Anseo i dteaghlach Dé tá áit dúinn go léir.
Slánú do chách; síocháin do dhaoine buartha.
Anseo bíonn séimhe, trua agus cóir.
Síneann Dia a lámh agus teagmhaíonn linn le grásta.

CURFÁ

VÉARSA 3
'Sé an grá ár mbunús, ár nglaoch buan.
'Sé an grá ár sásamh, in áit chónaithe Dé.
Mistéir an Athar, an Mhic is an Spioraid,
Tá an grá i gcumann leis an Trionóid naofa.

CURFÁ

VÉARSA 4
Iarrann Dia orainn gníomhú go cóír,
gráú le séimhe, siúl go humhal le Dia,
ár saol a thabhairt i seirbhís do dhaoine.
'Sé lúcháir an tSoiscéil grá lúcháireach Chríost!

CURFÁ

Cuireann an grá suas le gach rud
Aoibhinn leis an mhaith, ní thagann deire leis.